

CÉADTACH MAC RÍ NA gCOR AGUS MAC RÍ GAD

Bhí rí ann a dtugaidís Rí Manannán air. Bhí aon inghean amháin aige. Bhí Céadtach mac Rí na gCor ag cúirtéarach léithe agus mac Rí Gad. Ní raibh fhios aca cé aca a gheobhfadh í le pósadh. Dubhairt siad le chéile go ngabhfad an bheirt dhá hiarraidh aus pébir cé haca a gheobhfadh í go gcaithfeadh an fear eile buille buille gan cosaint a thabhairt dó pébir cén t-am a gcasfaidhe le chéile iad. D'imthigh an bheirt i gcuideachta go ndeacha siad ag teach Rí Manannán agus gur iarradar an inghean air.

Dubhairt sé leofa go raibh chaon duine aca ró-mhaith aice agus "níl mé i ndon í a thabhair do cheachtar agaí ach an oiread le chéile." "Tá dhá dhoras ar an teach. Téigheadh fear agaí amach chaon doras aca. Pébir fear a leanfaidh sí bódh sí aige."

Chuaidh siad fear amach chaon doras aca agus lean sí amach mac Rí na gCor. D'imthigh mac Rí gad abhaile agus pósadh í féin agus mac Rí na gCor le chéile.

Bhí seacht gcéad saighdiúr ag Rí Manannán. Ní blianta fada a bhí siad pósta nuair a nuair a chuir fathach as an Domhan Thoir cogadh air, agus dubhairt leis mara dtéigheadh sé anonn lena throid go dtiocfadh sé féin anall agus go marbhóchadh sé a ríogthamhlach fré n-a chéile. Tháinig brón mór ar Rí Manannán nuair a fuair sé an cuireadh agus d'fíafuigh mac Rí na gCor dó cén brón a bhí air, agus dubhairt sé go raibh cuireadh air a ghul go dtí an Domhan Thoir agus nach raibh sé a' gul ann.

"Tuige nach ngabhfá ann?" adeir mac Rí na gCor. "Nach bhfuil fhios agat go bhfuil seacht gcéad saighdiúr a'd le ghul leat."

"Má tá féin" adeir sé, "níl aon mhaith ionnta agus níl mé a' gul ann mara dteaga tú liom. Tá fhios a'd nach leigfidh do bhean liom thú."

"Bhuel" adeir Céadtach mac Rí na gCor, "nuair a ghabhfas muid isteach ag an dinnéar ar ball agus leagtar an dinnéar chugainn, ná hith aon bhlas agus leig ort féin go bhfuil tú tinn."

Tháinig siad isteach i gceann a ndinnéir. Shuidh siad síos ag an mbord. Leag Rí Manannán a uille ar an mbord agus chuir sé bos faoi n-a leiceann. D'fíafuigh a inghean de tuige nach n-itheann sé a dhinnéar. Dubhairt sé go raibh sé tinn agus nach raibh sé i ndon aon bhlas a ithe. "Tá mo leigheas a'd" ar seisean, "dá dtogruightheá a thabhairt dom."

"Bhuel níl aon ní sa domhan" ar sise, "atá mé i ndon a dhéanamh nach ndéanfaish mé duit ach ach aon ní amháin."

"Bhuel, b'fhéidir gurb shin é an ní a leigheasfadh mé" ars an Rí. "Tá mé ag iarraidh ort t'fhear a leigean liom don Domhan Soir chun cogaidh leis an bhfathach mór a chuir cuireadh orm."

“Bhí fhios agam” ar sise, “gur é sin a bhí ar iarraidh uait ach ní leigfidh mise leat é.”

“Bhuel mara leigfidh” ar seisean, “tiocfaidh an fear mór agus marbhóchaidh sé a bhfuil againn ann ar fad.”

Níos luaithe ná leigfeadh sí isteach sa tír an fathach thug sí toil ar a’ gCéadtach a leigean leis. Fuaireadar iad féin faoi réir le n-imtheacht annsin. Nuair a bhí siad a’ fágáil beannacht aice, “anois” adeir sí, “nuair bhéas sibh a’ tigheacht abhaile chugam-sa má eirgheann libh cuirigí seolta geala i dtoiseach na loingiseacha agus seolta dearga chun deiridh. Mara n-eirigh cuirigí na seolta dearga chun tosaigh agus na seolt a geala chun deiridh.”

D’imthigh leofa. Níor stopadar ariamh gur bhuaileadar talamh sa Domhan Thoir ar thalamh an fhathaigh. Nuair a tháinig siad amach as a gcuid loingiseach ní fhaca siad aon sórt caithréim ar bith dá dhéanamh rompa. Ní fhaca siad teach ná áit áithrid ar bith aca le go leigfidís an oidhche thart ann.

“Nach fearr duit ceann de do chuid oifigeacha a chur suas go teach an fhathaigh” adeir Céadtach, “a’ féachaint cé gcuirfidh tú do chuid saighdiúirí leis an oidhche a leigean tharta ón bhfuacht.”

Ní raibh sé de mhisneach ag aon fhear aca a ghul ann. Fuaidh Céadtach é féin ann agus bhuail sé an doras. Tháinig ceann de na searbhóntaí go tí é agus d’fíafraigh sé céard a bhí sé a iarraidh. Dubhairt sé leis gur teachtaire ó Rí Manannán a tháinig a fíafraigh de cé gcuirfeadh sé é féin agus a chuid saighdiúirí le haghaidh na hoidhche. Chuaidh an teachtaire go dtí an fathach agus d’innis sé dhó. Dubhairt sé leis nach raibh aon teach aige dó ach teach a raibh seacht gcéad amhus ann agus gul anonn go dtí iad. Fuaidh an Céadtach anonn go dtí teach na n-amhus agus bhuail sé an doras. Tháinig amhus amach agus d’fhosgail sé an doras. Nuair a chonnaic sé an Céadtach d’fhosgail se a bhéal chomh mór agus go bhfaca Céadtach na potógaí a bhí thíos ina bholg leis an bhfosgladh a bhain sé as a bhéal. Ní dhearna Céadtach ach breith ar dhá chois ar an amhus agus mharbhuigh sé an seach gcéad amhus le cnámhaí an amhuis mhóir a raibh sé i ngreim ann. Chuaidh sé agus dubhairt sé le Rí Manannán a thigheacht anois, é féin agus a chuid fear, go raibh lóisdín anocht dófa.

“Bhuel” ars an Céadtach, “níl aon ghnaithe annseo agam mara bhfuil rud le n’ithe.” Ghabh sé anonn go dtí teach an fhathaigh. Bhuail sé an doras. Tháinig an searbhónta go dtí é agus d’fíafraigh sé céard a bhí uaidh. Dubhairt sé leis gur theastuigh rud le n’ithe ón Rí agus óna chuid saighdiúr.

“Níl aon bhlas agam dóibh” ars an fathach, “go dtéigh siad isteach ina leitheidhe seo de pháirc. Tá tarbh ann, tugaidís leofa é, agus marbhuighidís é.”

Fuaidh an Céadtach go dtí na pháirc. Bhí balla dhá throigh dhéag déanta le haol agus le moirtéal thimcheall ar a’ bpáirc. Nuair a chonnaic an Céadtach an balla d’eirigh sé agus fuaidh sé de léim ar bharr an bhalla agus an dara léim isteach insa bpáirc. Nuair a chonnaic an tarbh istigh sa bpáirc é rinne sé air. Bhí carraig de chloch mhór istigh i lár na páirce. Rith an Céadtach thart timcheall ar na gcarraig. Fuair sé an oiread d’ionbhadh ar an tarbh agus gur chaith sé a chóta de agus chaith sé an cóta ar an gcarraig. Nuair a chonnaic an tarbh an cóta shíl sé gurb é an Céadtach a bhí aige. Tháinig sé chomh tréan agus bhí sé i ndon agus

bhuail sé an charraig. Bhí fuasgailt sa gcarraig agus fuaidh dhá adhairc an tairbh i bhfastó ann. Ní dhearna an Céadtach ach ach a chlaideamh agus an ceann a bhaint de. D'fheann sé é agus ghlan sé é, agus rinne sé cheithre cheathramhnaí de. Ní raibh an méid saighdiúirí a bhí ag Manannán i ndon ceathramha den tarbh a thabhairt leofa chun a' tighe. Chuir sé trí cinn aca ar a dhruim. Chuir sé a mhéar amach in iosgaid an ceathramha ceann. D'éirigh sé de léim agus chuaidh sé amach thar an mballa.

"Cuirigí síos anois" ar seisean, "agus bhruthigí agus ithigí a sáith de."

Chuir.

"Bhuel anois" ars an Céadtach nuair a bhí a sáith ithte aca, "nach dteastóchadh gléas leabtha uaitse" leis an Rí, "le gul a chodladh. Caithfidh mise gul agus leaba fhághail duit." D'imthigh sé go ndeacha sé chuig teach an fhathaigh agus bhuail sé an doras. Tháinig an searbhónta go dtí é agus d'fiafruigh sé sé de céard a bhí uaidh. Dubhairt sé gur theastuigh leaba agus gléas codlata ó na mháighistir, an rud a raibh sé cleachtach air.

"Níl aon leaba a'm-sa dhó" ars an fathach, "ach an leaba atá ina leitheidhe seo de sheomra, agus má bheireann sé uirthé bíodh sí aige."

D'fhosgail an searbhónta an doras agus dubhairt sé leis gul isteach go dtí a leitheidhe seo de sheomra. "Tá leaba ann agus tabhair leat í má bheireann tú uirthé."

Nuair a dhearc sé isteach insa seomra bhí na leaba os a choinne a' gabháil thart le aon mhuilleann a bhí ag oibriú ariamh.

D'éirigh sé de léim agus chuaidh sé isteach i lár na leaptha. Chomh luath agus fuaidh stop an leaba. Rug sé ar a' leaba faoi n-a eascaill agus tháinig sé amach agus nuair a tháinig ní raibh doras de dhoras agus fiche nach raibh glasáilte roimhe. Thug sé leigean reatha agus bhuail sé an doras ba goire dhó. Leis an teannadh a chuir sé leis bhris sé an doras is fich' d'aon iarraidh amháin. Thug sé an leaba go dtí an Rí.

"Seo anois" adeir sé, "agus téirigh a chodladh.

"Ní ghabhfaid" adeir an Rí, "is mó a theastuigheas codladh uaim féin ná uait-se."

"Caithfidh tú gul" adeir an Rí.

"Ní ghabhfaid" adeir sé, "ma theighim-se a chodladh tuitfidh mé l mo chodladh agus tiocfaidh an fathach agus marbhóchaidh sé mé."

"Ní thiocfaidh" adeir an Rí. "Fanfa mise agus mo chuid fear gut' fhaire go maidin agus ní leigfimid ort i ngan fhios é."

Chuaidh an Céadtach a chodladh agus bhí sé chomh tuirseach agus gur thuit sé ina chodladh an-aibéil. Bhí an oiread den mhairtfheoil ithte ag an Rí agus a sheacht gcéad saighdiúr gur thuiteadar féin ina gcodladh. Amach san oidhche thosuigh an Céadtach a' brionglóidí go raibh an fathach mór a' gul dá mharbhú, ach mar sin féin dhúisigh sé as a chodladh agus céard d'feicfeadh sé ach an fathach mór ina sheasamh os a chionn, a chlaideamh arduighthe aige leis an gcloigeann a bhaint de.

“Fóill ort” adeir an Céadtach, adeir sé, “ní gaisgidheach thú mara dtroide tú féireailte i mbárach.”

“Bhuel déanfa sin” adeir an fathach, “troidfidh mé thú ar maidin.”

Maidin lá arna bhárach d’eirigh an céadtach agus chuaidh sé go dtí an fathach mór.

Bhí an fathach mór ina shuidhe roimhe. D’fheicfeá an domhan mór amach idir a dhá chois. Ní fheicfeá tada idir mullach a chinn agus a’ t-aer. Bhíodar a’ gul de chlaidheamha ar a chéile go dtí an tráthnóna chomh tréan agus bhíodar i ndon. A’ gul faoi don ghréin bhí a chlaidheamh thuas ag gach aon fhear aca agus ní raibh ceachtar aca an buille a tharraingt bhíodar chomh claoidhte sin.

“Cuirfimid ar gcúl é go dtí i mbárach. Troidfimid aríst i mbárach.” “Níl locht air” adeir an Céadtach, “ach cá ngabhfa mise?”

“Tá teach cailleadh cearc annsin thíos” adeir an fathach. “Gabh isteach chuite agus leig an oidhche tharat.”

Chuaidh sé isteach ag an gcailleach cearc agus bhí go leor cearc ann.

“Marbhuigh sgata de na cearca sin, a chailligh” adeir sé, “agus bruith dhom iad.”

Mharbhuigh.

Do léir mar bhí sí a piocadh na gcearc bhí seisean a’ tabhairt an chlumhaigh leis agus dá chur ar a chuid gearraí a’ stopadh na fola. Le faithíos go bhfuighfeadh sé suimneas ar bith nó go gcodlóchadh sé néal chuir an fathach mór cailleadh mhór anuas chuige a’ baint chainnt as le go mbeadh sé claoidhte ar maidin. Bhí go leor le rádh aice agus í á choinneál corruighthe.

Is dóchaighe a chailligh nach le maith ar bith dhom a tháinig tú annseo” ar seisean, a breith ar a chlaidheamh agus a’ baint a cloiginn duithe.

Shín sé siar agus chodail sé a sháith. Bhuaill sé amach ar maidin agus fuaidh sé féin agus an fathach chun troda aríst. A’ gabháil faoi don ghréin bhíodar chomh feachta agus bhíodar an lá roimhe sin.

“Cuirfimid ar gcúl é go dtí i mbárach” ars an fathach.

“Tá go maith” ars an Céadtach.

Tháinig sé isteach go dtí an chailleadh cearc. Mharbhuigh sí na cearca agus agus bhí sé a’ cur a gclumhach ar a loit ag iarraidh an fhuil a stopadh. Ní b’fhada a bhí sé istigh nauir a tháinig cailleadh mhór eile isteach.

“Is dóchaidhe, a chailligh” ar seisean, “nach le maith ar bith orm a tháinig tú annseo” a’ breith ar a chlaidheamh.

“Do chara agus do choimrighe” ar sise “ní le dochar ar bith a dhéanamh a tháinig mise ach le maith a dhéanamh dhuit. Cuir síos pota uisge ar an teine agus bog é. Nigh do chuid loiteach ann anois. An buideál íocshláinte a bhí ag an bhfathach mór le é féin a leigheas thusa mise

uaidh é agus tá sé agam duit-se. Nuair a chuimleochas díot féin é beidh tú chomh maith agus bhí tú ariamh agus cuirfidh mé mo sheanfhear féin de chongnamh duit i mbárach.”

Nuair a chuaidh an fathach mór dá nigheachán féin agus nigh sé é féin, ní aibh aan íocshláinte le fágáil aige. Dubhairt sé go raibh sé réidh. Chuimil an Céadtach a buidéal de féin. Bhí sé chomh slán folláin agus bhí sé nuair a fuaidh sé amach maidin lá ar na bhárach. D’ionnsuigh sé féin agus an fathach mór a chéile. Bhí an fathach chomh mór ‘s chomh hard nach raibh raibh sé i ndon a mhuineál a shroich leis an airde a bhí ann. Ní i bhfad go dtáinig seanfheairín na caillighe agus ní raibh ann ach feairín an-bheag. D’eirigh sé de léim agus fuaidh sé ar dhruim an fhathaigh. Shíl an fathach gur míoltóg a tháinig ar a dhruim. Níor chuir sé aon tsuim ann. Bhí sé a’ téaltodh leis go ndeachaidh sé ar a dhá ghualainn. Nuair a bhí sé ar a dhá ghualainn chuir sé síos a chlaideamh le cúl a chinn. Shíl an fathach gur dreancaid a bhí a sgríobadh a chinn. Chrom sé anuais a chloigeann. Nuair a fuair an Céadtach a chloigeann crom aige sin é an uair a fuair sé an buntáist air. Tharraing sé a chlaideamh agus bhain sé a chloigeann de. Ghlac sé buidheachas leis an seanfheairín ar son an rud a bhí déanta aige dó.

D’fhill sé ar ais agus tháinig sé ar ais go dtí an Rí agus a chuid saighdiúr agus sin é an uair a dhúisigh sé as a gcodladh iad.

“Is mairg a d’fhága an baile ariamh libh” adeir sé, “más anois atá sibh ag eirghe, ach mar sin féin tá an lá gnóite againn. Déanfaidh muid ar an mbaile.”

Tháinig siad go dtí a gcuid loingseacha. Chuireadar na seolta geala chun tosaigh agus na seolta dearga chun deiridh ach nuair a bhí siad timcheall leath bealaigh chonnaic siad loinge a’ tigheacht chuca agus cé bheadh ann ach mac Rí Gad.

“Tá sibh ann” ar seisean.

“Tá” ar an Céadtach.

“Bhuel tá súil a’m” arsa mac Rí Gad, “go mbeidh tú suas le t’fhocal.”

“Béad go cinnte” ar seisean.

“Sín amach do chloigeann annseo agam” arsa mac Rí Gad.

Shín.

Ní dhearna sé ach a chlaideamh a tharraingt agus an cloigeann a bhaint den Chéadtach, mac Rí na gCor.

Bhí a Rí sáthach brónach nuair a chonnaic sé go raibh an Céadtach marbh.

“Seachain” ar seisean leis na mairnéalaigh, “an athróchadh sibh na seolta, má athruigheann ní ghabhfa aonduine againn i dtír go bráthach.”

Nuair a tháinig siad in amharc na hÉireann bhí an bhainríoghan óg i mbarr an chaisleáin agus a gloineacha aice a’ dearcadh uaithe. Chonnaic sí na loingiseacha a’ tigheacht agus na seolta geala chun tosaigh. Rinne sí faoi na ndéint síos go dtí cladach na fairrge. Chonnaic sí na saighdiúirí ar fad a’ tigheacht amach as na loingiseacha agus a hathair agus ní fhaca sí an Céadtach. D’fíafuigh sí díofa cé raibh sé agus d’innis siad duithe céard d’eirigh.

“Níor mhór dhíbh” adeir sí, “dá n-athruigheadh sibh na seolta ní thiocfadh aon duine díbh i dtír go bráthach.”

Ní dhearna sí ach ach gul isteach ins a’ luing a raibh an Céadtach ann. Thug sí a haghaidh amach ar an bhfairrge.

“Anois” adeir sí, “tá mise ag imtheacht agus ní fhillfidh me go deo mara bhfágá mé rud eicint a dhéanfas é seo chomh maith agus bhí sé ariamh, agus má fhágaim b’fhéidir go bhfillfinn.”

D’imthigh sí. Bhí sí a’ sír-imtheacht ó thuinn go tuinn agus ó fhairrge gur casadh isteach i dtír í i gcoirnéal coille. Chonnaic sí teach uaithe agus rinne sí air. Chuaidh sí isteach agus bhí bord leagtha agus béile triúr leagtha ar an mbord.

“Tá béile triúr annseo” adeir sí, “agus ní aireochaidh aon duine aca greim a thabhairt domsa” a’ tógáil greim de gach aon phláta de na trí phláta. Ní i bhfad a bhí sí torann mór a’ tigheacht. Sgannruigh sí agus isteach léithe faoin mbord. Tháinig triúr fathach isteach. Shuidheadar ag an mbord.

“Bhain duine eicint greim de mo phláta” adeir duine aca.

“Bhain agus de mo phláta” ars an dara fear.

“Agus ní dhearna sé aon choimhthíos liom-sa” adeir an tríomhadh fear.

Thuit greim den fheoil ó cheann aca agus chrom sé síos agus chonnaic sé faoin mbord í.

“Ó” adeir sé, “tá bean faoin mbord.” “Pébir cén sórt duine thú, tara amach annseo a’inn.”

D’fíafuigh sé duithe cé has a dtáinig sí nó cén sórt duine a bhí innte. D’innis sí dófa mar tá mise taréis innseacht dhuit-se.

“Bhuel” ar siad-san, “triúr dreathár muidí atá faoi dhraoidheachta. Níl i ndán dúinn éirghe ó dhraoidheacht go ndéanamuid fear marbh beo.

“B’fhéidir” ar siad-san, “go mbeadh muid i ndon an Céadtach a leigheas.”

D’imthigh siad féin agus í féin go ndeachadar go dtí an luing. Thugadar leofa a mbuidéal íocshláinte. Nigheadar agus ghlanadar a chloigeann agus a choileann. Chuimligheadar an íocshláinte de. Leagadar an cloigeann ar an gcoilinn agus bhí sé chomh sláinteamhail is bhí sé aon lá ariamh. Chuaidh sé féin agus a bhanríoghan chun an tighe leofa go maidin. d’innsigheadar féin a dtrioblóid féin dó.

Triúr fathaigh a bhí ionnta bhí a’ troid le náisiún eile gach uile lá agus níl aon fhear dá marbhuighidís ins a’ lá nach mbeadh beo ins an oidhche.

“B’fhéidir” adeir an Céadtach, “go mbeinnse i ndon lámh chonganta a thabhairt dhíbh-se i mbárach.” Ghlacadar buidheachas leis, agus ar maidin lá ar na bhárach bhíodar dá bhfágáil faoi réir le gul amach a’ troid.

“Ní lá conganta dhíbh é” adeir Céadtach, “mara bhfuil mé i ndon sibh a fhágáil sa mbaile indiu.”

“Cén bealach a ghabhfas mé?” ar seisean.

"Lean don chosán atá buailte a'inne agus tiubhraidh sé thú go barr a' chruic ach má theigheann tú go dtí an dara croc tá trian siubhail a'd orainne ach má theigheann tú go dtí an tríomhadh croc beidh dhá thrian siubhail a'd orainn."

D'imthigh sé go ndeacha sé ar an gcéad chroc ach ní fhaca sé aon duine uaidh. Chuaidh sé ar an dara croc agus agus níor casadh aonduine dhó. Chuaidh sé ar an tríomhadh croc agus níorbh fhada a bhí sé ann nuair a chonnaic sé na céadta a' tigheacht chuige.

"Grádh Dé" ar seisean, "mara bhfuil chugam anois."

Tháinig sé féin agus iad féin chun a chéile agus d'ionnsuigheadar a' troid. A' gul faoi don ghréin ní raibh ceann ar cholainn nach raibh bainte anuas.

"Bhuel anois" adeir sé, "níl aon mhaith dom-sa a ghul abhaile gan fhios agam card atá dhá ndéanamh seo beo."

Shín sé siar i measc na gcorp. Amach san oidhche chonnaic sé seanfheairín a' tigheacht, a phoitín agus a chleitín aige agus é a cuimilt a' chleitín dófa.

"Eirighidh suas a chlann" ar seisean, agus bhíodar ag eirghe chuige ina sgórthaí.

"Fóill ort, a sheanbhuachaill" ars an Céadtach, "ná cuir níos mó ina seasamh. Má chuirir tá fhios a'm nach liom a chuideocha siad" a' tarraingt a chlaideamh agus níor fhága sé fear aca nár shín sé aríst.

Shín sé i measc na gcorp. Tharraing sé corp faoi, corp os a chionn agus corp ar chaon taobh de. Níorbh fhada a bhí sé annsin nuair a chonnaic sé an chailleach chuige agus a poitín agus a cleitín aice, agus bhí sí a' cuimilt a cleitín daofa. Pébir cé mhéad a bhí an seanfhear a chur ina seasamh bhí an chailleach a' cur a dhá oiread.

"Fóill ort a chailleach" adeir sé, "ná cuir níos mó ina seasamh. Má chuirir, ní liom-sa a chuideocha siad."

D'eirigh sé ina sheasamh agus níor fhága sé ceann ar cholainn aca nár leag sé aríst agus mharbhuigh sé an chailleach.

Luigh sé síos aríst i measc na gcorp. Chuir sé corp faoi, corp os a chionn agus corp ar gach aon taobh de. Níorbh fhada a bhí sé nuair a chonnaic sé an reithe mór a' tigheacht, a phota 's cleite aige.

"Eirigí suas a dhreatháiracha. Tá m'athair agus mo mháthair marbh 's mara dtiubhra sibh congnamh dom beidh mé féin 's sibh féin marbh ag mac Rí na gCor."

"Fóill ort a shean-reithe" ars an Céadtach, "tá mise annseo romhat."

"Tá fhios a'm go bhfuil" ars an reithe, "agus nár raibh míle fáilte romhat."

D'ionnsuigh sé féin agus an reithe a chéile, agus is mó an t-anró a fuair sé ón reithe ná a fuair sé ó na fir ar fad a mharbhuigh sé an lá roimhe. Mharbhuigh sé beirt a bhí ina seasamh ag an reithe ina dhiaidh sin. Shín sé siar agus thuit sé ina chodladh. Bhí sé chomh sáruighthe agus chomh tuirseach nár dhúisigh sé as an gcodladh a bhí air go dtáinig na triúr fathach ar a thóir. Chuimil siad braon den íocshláinte a bhí aca ar a chuid creathaí. D'eirigh sé suas

chomh slán agus chomh folláin is bhí sé lá na oidhche ariamh. Tháinig sé féin agus iad féin abhaile go dtí an bhanríoghan. Chaith siad seachtain a bhuil a chéile. Dubhairt siad go raibh sé in am aca tarraingt ar an mbaile. D'fhága sé féin agus an bhanríoghan slán 's beannacht ag na fathaigh. Tháinig siad abhaile chuig Rí Manainn. Bhí fáilte mhór rompa. Dubhairt sé na ch stopfadh sé go mbainfeadh se a shásamh de mhac Rí Gad.

D'imthigh sé leis nó gur casadh mac Rí Gad dó. Tharraing sé a chlaidheamh agus bhain sé a chloigeann de. D'fhill sé i gceann a mhná. D'fhanadar féin i bhuil a chéile chúns mhair siad.

28/10/36 sa Mám